Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**13852/25**

**CDR 79**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht na hOstaire, de Choiste na Réigiún - Glacadh |

1. I litir dar dáta an 7 Deireadh Fómhair 2025[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Peter HANKE, comhalta de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus ar dá bhun a ceapadh é.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 13771/25.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Peter HANKE, mhol Rialtas na hOstaire Barbara NOVAK[2], ionadaí do chomhlacht réigiúnach atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Amtsführende Stadträtin von Wien* (Comhairleoir Cathrach Feidhmiúcháin Rialtas Stáit Vín), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n- aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 13851/25 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[2] 14047/25.